

Cadhna líomóide

Coincheap—Bíonn fuinneamh ceimiceach i dtaisce i mbia

NASC LEIS AN gCURACLAM:

Curaclam Eolaíochta - Dúile Beo agus Fuinneamh agus Forsaí

Turgnamh

Beidh gá agat le:


- Trí líomóid úra
- Trí bhonn chopair
- Trí leicneán since (ceannaigh iad i siopa DIY)
- Sé fháiscín páipéir
- Ceithre pháosa sreinge mhiotail agus a bhfoircinn nochta (ar fáil i siopaí leictreonaice)
- LED íseal-srutha (dé-óid - astaithe solais - ar fáil i siopaí leictreonaice).

1. Déan dhá scoilt i gcaiceann gach líomóide.
2. Sáigh bonn copair agus leicneán since isteach i scoilteanna gach líomóide.
3. Greamaigh na sreanga miotail mar a thaispeántar sa léaráid chun ciorcad a dhéanamh - ó bhonn go leicneán, ó bhonn go leicneán agus mar sin de.
4. Caithfear seolán fada an LED a bheith ceangailte leis an mbonn copair.
5. Úsáid na fáiscíní páipéir chun na sreanga miotail a choimeád i dteagmháil leis na boinn chopair agus leis na leicneáin.
6. Nuair a bhíonn an ciorcad críochnaithe lasfaidh an LED.

Tarlaíonn imoibriú ceimiceach idir na miotail (copar agus sinc) agus aigéad na líomóide, a chuireann sruth ag sreabhadh. Tá na líomóidí ag feidhmiú mar chadhna ar stóras fuinnimh cheimiceach é. Sa chiorcad aistrítear an fuinneamh ceimiceach go fuinneamh leictreach.

Nóta: D'fhéadfadh sé a bheith deacair an LED a chur ar lasadh. Sa chás sin d'fhéadfá an ciorcad a cheangal le voltaiméadar chun léamh a fháil ar an voltas leictreachais atá á ghiniúint.

Is féidir leat na líomóidí a mhalartú le torthaí eile agus glasraí fiú (oibríonn prátaí go maith), agus féach cé acu a stóráil an chuid is mó fuinnimh (tabhair an léamh is airde ar an voltaiméadar).



Léaráid de chadhra líomóide

